# Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe

# Cosaint Sonraí

***Clár***

Réamhrá 3

Faisnéis a Bhailíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe: 3

An chúis a bhfuil ráiteas príobháideachais againn 4

Beartas um Chosaint Sonraí 5

Faisnéis a Roinnt: 5

Mar a úsáidfear/phróiseálfar do chuid sonraí pearsanta: 5

Oibleagáidí Dlí agus Rialála: 5

Coinneáil Sonraí 6

Do Chearta Cosanta Sonraí 6

An Ceart Gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí 7

## Réamhrá

Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe freagrach as réimse leathan seirbhísí poiblí a chur ar fáil, lena n-áirítear Seirbhís Cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe, faoi réir na bhforálacha san Acht Rialtais Áitiúil 2001 agus san Acht Cóipchirt, 2000.

Is ionann seo agus Ráiteas Príobháideachais do Sheirbhís Cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe a thagann faoi shainchúram Stiúrthóireacht um Pleanála agus Seirbhísí Corparáideacha Chomhairle Chontae na Gaillimhe.

Bailítear do chuid faisnéise d'fhonn a leanas a riar: rochtain do thaighdeoirí ar bhailiúcháin chartlainne, ceisteanna a fhreagairt maidir le bailiúcháin chartlainne, cóipeanna a dhéanamh de bhailiúcháin chartlainne, bailiúcháin chartlainne a bhronnadh/a chur i dtaisce, slándáil na mbailiúchán cartlainne a chinntiú, cuairteanna chuig foirgneamh na gCartlann, imeachtaí a reáchtáil i bhfoirgneamh na gCartlann/ agus in áiteanna eile.

Tá ár mbailiúcháin chartlainne comhdhéanta de thaifid lena mbaineann luach seasmhach arna bhfáil ón rialtas áitiúil nó taifid arna gceannach, arna mbronnadh, taifid thiomnachta nó taifid arna dtabhairt ar iasacht. Déantar ár mbailiúcháin chartlainne a phróiseáil chun críche cartlainne ar mhaithe le leas an phobail agus chun taighde eolaíochta, staire nó staidrimh a éascú.

Féachann Comhairle Chontae na Gaillimhe le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúir Chontae na Gaillimhe a chur chun cinn agus le caighdeán saoil mhuintir Chontae na Gaillimhe a fheabhsú ag an am céanna.

Tá seirbhísí d'ardchaighdeán, atá leagtha amach chun riachtanais ár gcustaiméirí ar fad a bhaint amach fós ar cheann de chroí-chuspóirí Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus tá sin san áireamh inár bPlean Corparáideach. Ní hamháin go nglactar leibhéal agus cáilíocht na seirbhísí do chustaiméirí san áireamh sa tseirbhís ardchaighdeáin a chuirtear ar fáil ach áirítear freisin cáilíocht na bpróiseas déanta cinntí, éifeachtacht agus éifeachtúlacht ár n-oibríochtaí corparáideacha, caighdeán ár n-áiseanna agus an cumas atá againn dul in oiriúint i dtimpeallacht a bhíonn ag athrú go síoraí.

## Faisnéis a Bhailíonn Comhairle Chontae na Gaillimhe:

Le go mbeimid in ann an réimse seirbhísí is éifeachtaí agus is dírithe a chur ar fáil chun riachtanais shaoránaigh, phobail agus ghnóthaí Chontae na Gaillimhe a bhaint amach, beidh orainn cineálacha ar leith faisnéise faoi dhaoine agus eagraíochtaí a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid.

Ag brath ar an tseirbhís atá á lorg nó á chur ar fáil d'fhéadfadh 'sonraí pearsanta' mar a shainmhínítear sna hAchtanna um Chosaint Sonraí agus sa Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (GDPR) a bheith i gceist le faisnéis a bheifí a lorg agus d'fhéadfadh baint a bheith aici le húsáideoirí, iarúsáideoirí nó úsáideoirí seirbhíse amach anseo; iarfhostaithe, fostaithe reatha nó

fostaithe amach anseo; soláthróirí agus daoine sa phobal a d'fhéadfadh dul i mbun cumarsáide leis an bhfoireann.

Ina theannta sin, d'fhéadfadh go gcaithfeadh an fhoireann, ó am go chéile, cineálacha ar leith sonraí pearsanta a bhailiú, a phróiseáil agus a úsáid chun ceanglais rialála nó reachtacha a chomhlíonadh. Bíonn ar an bpobal a bhíonn i mbun idirchaidrimh le Seirbhís Cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe faisnéis a chur ar fáil maidir leis na catagóirí sonraí a leanas (nuair is infheidhme):-

- Iarratas Cláraithe Léitheora: Ainm, Seoladh, Ríomhphost, Uimhir Ghutháin, síniú, cuspóir na taighde, comhcheangal institiúide, ábhar a fuarthas rochtain air. D’fhéadfadh aitheantas fótagrafach agus cruthúnas maidir le do sheoladh a bheith ag teastáil chun críche cláraithe Léitheora ach ní dhéanann Cartlann Chomhairle Chontae na Gaillimhe iad a chóipeáil, a chomhdú ná a choinneáil.
- Bailiúcháin Chartlainne a Bhronnadh: Ainm, Seoladh, Síniú. Achoimre ar stair ghairme, achoimre ar stair theaghlaigh agus sonraí beathaisnéiseacha agus ar stair an ábhair atáthar a bhronnadh, cúlra an bhronnta, má chuirtear sin ar fáil.
- Gach catagóir eile: ainm, seoladh, ríomhphost, uimhir theileafóin, agus, i gcásanna áirithe, achoimre ar stair theaghlaigh.
- Faisnéis a chuirtear ar fáil nuair atáthar ag logáil isteach agus nuair atáthar ag úsáid seirbhísí ar líne.

## An chúis a bhfuil ráiteas príobháideachais againn

Tá an ráiteas príobháideachais seo curtha i dtoll a chéile ag Comhairle Chontae na Gaillimhe chun an tiomantas daingean atá againn i leith príobháideachais a léiriú agus lena ghealladh duit go bhféadfaidh tú a bheith cinnte de go mbeidh na sonraí a chuirfidh tú ar fáil agus tú ag plé le Comhairle Chontae na Gaillimhe slán.

Cruthaíonn, bailíonn agus próiseálann Comhairle Chontae na Gaillimhe lear suntasach sonraí pearsanta in ilfhormaidí éagsúla gach lá. Maidir leis na sonraí pearsanta a d’fhéadfadh a bheith ort a chur ar fáil dúinn, geallann Comhairle Chontae na Gaillimhe;

- Gur ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach a bhailítear sonraí
- Nach bhfaighfear iad ach chun críocha sonraithe, follasacha agus dlisteanacha amháin
- Go mbeidh siad leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun na gcríoch dá bhfuil siad á bhfáil

- Go ndéanfar iad a thaifeadadh agus a stóráil go cruinn agus go slán agus go dtugtar cothrom le dáta iad nuair is gá.
- Nach gcoinneofar na sonraí níos faide ná is gá chun na gcríoch dá bhfuil siad de dhíth.
- Go gcoinneofar sonraí ar bhealach ina gceadaítear na daoine is ábhar do na sonraí a aithint
- Go ndéanfar sonraí a phróiseáil ar bhealach a chinnteoidh slándáil chuí na sonraí pearsanta lena n-áirítear cosaint ó phróiseáil neamhúdaraithe nó neamhdhleathach, agus gur ar an mbealach sin amháin a phróiseálfar iad.

## Beartas um Chosaint Sonraí

Tá Beartas um Chosaint Sonraí mionsonraithe ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a bhfuil tuilleadh eolais ann maidir lenár dtiomantas mar chomhlacht poiblí i leith slándáil aon sonraí pearsanta a thugann tú dúinn a chinntiú. Is féidir teacht ar chóip dár mBeartas um Chosaint Sonraí tríd an nasc seo a leanas, – *Beartas um Chosaint Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe*

## Faisnéis a Roinnt:

D'fhéadfadh an Chomhairle d'fhaisnéis a roinnt go hinmheánach (taobh istigh den Chomhairle) i gcomhréir le hoibleagáidí reachtúla.

## Mar a úsáidfear/phróiseálfar do chuid sonraí pearsanta:

Chun go gcuirfidh Seirbhís Cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe an raon seirbhísí atá ar fáil ar fáil bíonn córais TF de dhíth chun faisnéis a bhainistiú. Tá rochtain ar na sonraí sin rialaithe agus teorannaithe don fhoireann ábhartha a bhfuil baint acu le seirbhísí éagsúla a mheas agus a phróiseáil in éineacht le bearta slándála eile ar nós pasfhocail.

## Oibleagáidí Dlí agus Rialála:

Áirítear an bunús dlí agus an leas dlisteanach le haghaidh sonraí a phróiseáil:-

- An tAcht Rialtais Áitiúil, 2001 – Alt 80
- Achtanna Cóipchirt

## Coinneáil Sonraí

Ní choinneoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe do chuid sonraí pearsanta ach amháin don tréimhse is gá. Is faoi Bheartas Náisiúnta Coinneála i leith Thaifid na nÚdarás Áitiúil a thagann coinneáil taifead Sheirbhís Cartlainne Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus is féidir an beartas a fháil ag an nasc a leanas: https://www.lgma.ie/en/publications/corporate/national-retention-policy-for-localauthority.pdf

## Do Chearta Cosanta Sonraí

Tá sé de cheart agat rochtain a iarraidh ar shonraí pearsanta atá coinnithe fút, deimhniú a fháil maidir le cibé an bhfuil sonraí a bhaineann leat ann, tú a chur ar an eolas maidir le hábhar agus foinse na sonraí agus cruinneas na sonraí sin a sheiceáil. Ina theannta sin, má fhaightear go bhfuil na sonraí atá á gcoinneáil againn míchruinn, tá sé de cheart agat na sonraí pearsanta atá á gcoinneáil ag Comhairle Chontae na Gaillimhe a athrú, a bhaint, úsáid na sonraí sin a bhlocáil nó cur i gcoinne na húsáide sin. I gcúinsí áirithe d'fhéadfadh rochtain ar shonraí a bhlocáil moill a chur ar sheirbhís nó rochtain uirthi a bhaint nuair atá gá leis na sonraí sin de réir an dlí nó chun críocha riachtanacha a bhaineann le seirbhís a chur ar fáil duit. Tabhair ar aird go nglacaimid céimeanna chun do chéannacht a dheimhniú sula dtugtar rochtain ar do chuid sonraí pearsanta ar mhaithe le do chuid príobháideachais a chosaint. Chun na cearta sin a fheidhmiú ní mór duit na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

Déan iarratas ina dtugtar achoimre ar shonraí d'iarraidh chuig:-

An tOifigeach Cosanta Sonraí:

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Áras an Chontae
Cnoc na Radharc
Galway H91H6KX
Ríomhphost:- dpo@galwaycoco.ie
Fón: 091 509290

## An Ceart Gearán a dhéanamh le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra atá faighte agat ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le d'iarraidh, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus d'fhéadfadh sé an cás a fhiosrú duit.

Is é www.dataprotection.ie láithreán gréasáin Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí nós is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig ar:

Íosghlao: 1890 252 231
Ríomhphost: info@dataprotection.ie

Seoladh Poist: Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Teach na Canálach
Bóthar an Stáisiúin
Cúil an tSudaire
Co. Laoise. R32 AP23.